Oideachas faoi
REILIGIÚIN & CREIDIMH & EITIC

# Na príomhphointí ón gcomhairliúchán agus na chéad chéimeanna eile

## An próiseas comhairliúcháin

1. **Cad air a raibh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag déanamh comhairliúcháin?**

   Bhí an CNCM ag déanamh comhairliúcháin ar na moltaí le haghaidh curaclaim in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic do bhunscoileanna. Leagadh amach sa Pháipéar Comhairliúcháin réasúnaíocht, fís, aidhmeanna agus gnéithe an churaclaim mholta. Thug an doiciméad bunús don rannpháirteachas le linn an phróisis chomhairliúcháin, inar spreagadh na rannpháirtithe trí fhormáidí éagsúla comhairliúcháin, chun freagra a thabhairt ar na moltaí a rinneadh.

   Ba iad aidhmeanna an phróisis chomhairliúcháin a shainiú

   - na deiseanna agus na sochair a mheastar a bhaineann leis na moltaí do phaistí bunscoile na hÉireann
   - na dúshláin a mheastar a thugann forbairt na moltaí
   - na cineálacha foghlama a bhíonn ar siúl i scoileanna faoi láthair a bhféadfadh curaclam in ORC agus Eitic tacú leo.

2. **Cén formáidí freagartha a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin?**

   Chun a chinntiú go mbeadh an comhairliúchán chomh leitheadach agus chomh cuimsitheach agus ab fhéidir, baineadh úsáid as roinnt formáidí amhail ceistneoirí ar líne, aighneachtaí scríofa, pléghrúpaí, cás-staidéir scoileanna agus cruinnithe le comhpháirtithe oideachais agus le grúpaí sainleasa. Fuarthas deis le linn comhdhála a reáchtáladh i gcomhar le Coláiste Mhuire Gan Smál

ar Dhialóg Idirchreidmheach in Éirinn ár Linne, chun an fheasacht a ardú i leith an phróisis chomhairliúcháin.

3. **Cá fhad a mhair an comhairliúchán agus cé a ghlac páirt ann?**

   Thosaigh an comhairliúchán ar 3 Samhain 2015 agus tháinig deireadh leis ar 31 Márta 2016. Le linn na tréimhse sin, fuair an CNCM 2,255 freagra ar an gceistneoir ar líne agus 174 aighneacht scríofa, ar cur-iarracht é do chomhairliúchán de chuid an CNCM. D'oibrigh an CNCM freisin le 7 scoil chas-staidéir agus d'eagraigh 5 fhócasghrúpa le múinteoirí ar fud na tíre. Reáchtáladh 16 cinn de chruinnithe déthaobhacha le comhpháirtithe oideachais agus le grúpaí sainleasmhara. D'éirigh leis an gcomhairliúchán tuairimí a bhailiú ó thuismitheoirí, páistí, múinteoirí, grúpaí sainleasa agus baill den phobal trí chéile. Féach ar an ngearrthóg ghairid beochana ag www.cncm.ie/comhairliuchan/orce.

## Torthaí an chomhairliúcháin

4. **Cén áit ar féidir liom Tuarascáil an Chomhairliúcháin a fháil?**

   Is féidir Tuarascáil an Chomhairliúcháin a íoslódáil ag www.cncm.ie/comhairliúchan/orce. Gheobhaidh tú anseo freisin an Doiciméad Comhairliúcháin, ábhar eolais/cúlra a chuir bonn faoi na moltaí agus eolas breise ar an bpróiseas comhairliúcháin.

5. **An bhfuil m'aighneacht scríofa foilsithe?**

   Sea, sa chás gur tugadh cead chuir an CNCM gach aighneacht scríofa ar fáil ar líne ag www.cncm.ie/comhairliúchan/orce.

6. **Cad iad na príomhthorthaí a tháinig ón gcomhairliúchán?**

   Léirigh an comhairliúchán go raibh tacaíocht fhorleathan ann chun teagasc agus foghlaim a chur isteach i gcuraclam na bunscoile a bhaineann le hORC agus le hEitic. Cothaíonn foghlaim den chineál sin scileanna, meonta, eolas agus tuiscintí ar reiligiúin, creidimh agus eitic a chuireann ar chumas páistí dul i ngleic go dearfach leis an domhan ina mairimid, meas a bheith acu ar thraidisiúin eile, agus caidreamh bríoch a bheith acu lena bpiaraí. Is é a mheas a lán rannpháirtithe gur céim dhearfach iad sin i dtreo tuiscint agus meas níos fearr a chothú i measc páistí i sochaí atá ag éirí níos ilchineálaí in aghaidh an lae. Chonacthas dá lán daoine freisin go gcuirfeadh na moltaí le forbairt eiticiúil páistí, go gcabhródh siad leo an cumas a fhorbairt a

bheith ina gcinnteoirí éifeachtacha.

Cé go raibh tacaíocht shuntasach ann do na cineálacha teagaisc agus foghlama a leagtar amach sna moltaí, léirigh an comhairliúchán gnéithe a mbíonn tionchar nach beag acu ar chur i bhfeidhm curaclaim i mbunscoileanna. Áirítear ina measc sin:

- foráil an Achta Oideachais (1998) i dtaca le cearta an fhorais phátrúnachta, go háirithe rannáin 9(d), 15(2)(b) and 30(2)(b)
- struchtúr chórais an oideachais bhunscoile, ina bhfuil 96% de na scoileanna faoi phátrúnacht shainchreidmheach
- taithí scoileanna ar ró-ualach an churaclaim agus ar na dúshláin a bhaineann le teagasc agus le foghlaim ar fud churaclam iomlán na bunscoile.

Is ceisteanna tábhachtacha iad na gnéithe comhthéacsúla sin, a dtugtar tuilleadh sonraí fúthu sa tuarascáil, i dtaca le forbairt churaclam nua in ORC agus in Eitic do bhunscoileanna.

## Na chéad chéimeanna eile

**7. Mar sin de cad é an chéad rud eile?**

Sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn, tosóidh an CNCM ag obair le páistí, múinteoirí agus pobail scoile chun samplaí a sholáthar de chleachtas comhroinnte a bhaineann leis na cineálacha teagaisc agus foghlama a gcuireann na moltaí d'ORC agus Eitic síos orthu. Cuirfear an t-ábhar sin ar fáil ar bhonn leanúnach ag www.ncca.ie ionas gur féidir le scoileanna ar mian leo úsáid a bhaint astu chun tacú agus/cur tuilleadh lena gcleachtas sa réimse seo, gur féidir leo é sin a dhéanamh agus an obair ar an gcuraclam is leithne ná sin ag leanúint uirthi.

Sa mheántéarma, ag cur san áireamh torthaí an chomhairliúcháin agus ag cuimhneamh go mbraitear ró-ualach a bheith i gcuraclam na bunscoile cheana, leag an CNCM amach treo chun tosaigh sa Tuarascáil Chomhairliúcháin s'againn (lgh. 49-56). Le déanaí, d'fhoilsigh an CNCM moltaí ar an gcaoi a bhféadfadh curaclam na bunscoile a eagrú chun an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais foghlama páistí, agus ag an am céanna deimhin a dhéanamh de go mbíonn an tsolúbthacht ag múinteoirí a theastaíonn uathu dá gcomhthéacsanna sainiúla féin. Is í an obair sin a shocróidh na céimeanna de churaclam na bunscoile; an cineál curaclaim a bheidh ann ag gach céim – téamaí comhtháite, réimsí curaclaim,

ábhair srl. Socróidh sé freisin cá mhéad ama a bheidh ann do na comhpháirteanna sin den churaclam.

Agus é sin a dhéanamh acu, saineoidh agus sonróidh an CNCM conas is féidir na cineálacha teagaisc agus foghlama a fuair an oiread sin tacaíocht fhorleathan sa chomhairliúchán, a fhí isteach i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

**8. Cad é a bheidh i gceist leis an obair ghearrthéarmach agus conas a thacóidh sí le foghlaim agus le forbairt páistí?**

Beidh rannpháirtíocht le scoileanna éagsúla ar fud na hÉireann i gceist san obair. Cuirfidh an CNCM ar chumas na scoileanna sin líonrú le chéile, chun cleachtas a chomhroinnt agus machnamh ar na cuir chuige chuimsitheacha ar gné dá scoileanna iad cheana. Déanfaidh an CNCM doiciméadú, láithriú agus scaipeadh ar na heiseamláirí cleachtais ó na scoileanna sin, agus spreagfaidh sé sin daoine eile chun obair a dhéanamh leis na ábhar seo d'fhonn tacú agus cur le timpeallachtaí scoile atá cuimsitheach.

Taispeánfaidh na heiseamláirí cleachtais conas a cheiliúrann, a aithníonn agus a léiríonn scoileanna meas do normáltacht na héagsúlachta i saol an duine; agus ag an am céanna cuireann siad cothromas agus cearta an duine chun cinn. Déanfaidh na samplaí níos fusa é ag scoileanna agus ag múinteoirí timpeallachtaí scoile a chruthú atá cuimsitheach, feasacht a ardú ar cheisteanna a thiocfadh teacht aníos ó ilchineálacht mhéadaithe chultúrtha agus eitneach agus cabhróidh siad le múinteoirí eispéiris foghlama chuí a sholáthar do phaistí ó gach reiligiún agus ó gach creideamh.

**9. Cén uair a dhéanfar cuid de churaclam na bunscoile den chineál teagaisc agus foghlama a leagtar amach sna moltaí le haghaidh ORC agus Eitic?**

Faoi mar ar tagraíodh dó thuas, idir Fómhar 2016 agus Earrach 2018, beidh an CNCM ag breathnú in athuair ar struchtúr churaclam na bunscoile agus ar an leithdháileadh ama trasna an churaclaim. Tabharfaidh an obair sin deiseanna don CNCM chun a shainiú agus a shonrú conas is féidir an fhoghlaim shuntasach a bhaineann le hORC agus le hEitic agus ar fáiltíodh go mór roimpi sa chomhairliúchán, conas is féidir í sin a tháthú i gcuraclam na bunscoile.

**10. An le haghaidh gach páiste a bheidh na heispéiris sa churaclam?**

Sea, is le haghaidh gach páiste atá ag freastal ar bhunscoil a ceapadh na heispéiris seo.

11. **Cén fáth nach féidir an fhoghlaim seo a chur isteach i gcuraclam na bunscoile níos luaithe ná sin?**

    Lena linn seo agus comhairliúcháin eile dá leithéid, luaigh múinteoirí srianta ama agus ró-ualach curaclaim mar bhacainní móra in éadan réimsí nua inneachair / ábhair / curaclaim a bheith á dtabhairt isteach i gcuraclam na bunscoile. Tá tús curtha ag an CNCM ar struchtúr athfhorbartha don churaclam, mar a luadh thuas, a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar ró-ualach an churaclaim.

12. **An nglacfaidh an fhoghlaim seo áit chlár an phatrúin nó an mbainfidh sí am dá theagasc sin?**

    Ní hamhlaidh a bheidh, níl sé i gceist go nglacfaidh an fhoghlaim seo áir chlár an phatrúin. De réir an Achta Oideachais (1998), tá patrúin i dteideal a gclár féin a theagasc agus a fhorbairt a chuireann bonn agus taca faoi éiteas a gcuid scoileanna. Tá siad i dteideal méid réasúnta ama freisin le linn an lae scoile chun a gclár a theagasc. Ní chaitheann na moltaí le haghaidh curaclaim in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic, ní chaitheann siad amhras ar an am sin.